

## Ar sliocht trír atáid Gaoidhil

[Ó Concheanainn, Tomás, ‘Dán molta ó Fhearghal Óg Mac an Bhaird’, *Celtica* 16, 73-85]

Fearghal Óg Mac an Bhaird dixit

1 Ar sliocht trír atáid Gaoidhil,  
slóigh Teamhra an fhóid fhorbhfaoilidh,  
gasradh fhial go gcrus chogaidh,  
anuas ó thriar tángadair.

2 Laoich lér háitigheadh fonn Fáil,  
sliocht meanmnach Míleadh Easbáin,  
na hágmhogail ó iadh Breagh  
tángadair ó thriar tréinfhear.

3 Do gheansadar Meic Míleadh,  
[an] dream dan cóir coimhshíneadh  
- gasradh mhéirsheang go mian áigh -  
go hiadh nÉireann, i nEasbáin.

4 Íor mac Míleadh - fa mhór céim -  
do báitheadh, más fhíor, ainnséin  
leis suil do gabhadh fód Fáil  
an tamhan óg ón Easbáin.

5 Táinig Éibhear go hiath Breagh  
is Éireamhón mac Míleadh  
d’éis a mbráthar do bhuan síobh,  
atáthar uaidh fá imshníomh.

6 Do bhí mac orrdhairc ag Íor  
ainnséin ’na adhbhar airdríogh,  
adbhar caoimhleannán chairn Bhreagh,  
saoirbheangán darbh ainm Éibhear.

7 Dá mhac Mhíleadh is mac Ír  
do ghabhsad Banbha mbláithmhín  
ar éigean ar dteacht i dtrágh,  
a neart níorbh éidear d’iompádh.

8 Sliocht an trír atám do luadh  
ó shoin fós - ní dál diombuan -  
críoch na n-iadh slaitleabhar seang,  
riamh ag aitreabhadh Éireann.

9 Roimh an dá ríghshliocht eile  
atá sliocht Ír d’áridhe  
dá síorluadh ó soin anall,

an ríoghshluagh ó mhoigh Mhanann.

10 Tús admholta ón dá fhine  
i-le ar fheadh gach aimsire  
fós ag Cloinn Ruadhraighe Ruaidh,  
na croinn chumhraidhe ón Chraobhruaidh.

11 Níorbh iongnadh túis do dhul dáibh,  
leo do fosdad - fáth iomráidh,  
sgéal nuaidhe nach ní folaigh -  
trí huairé na hollamhain.

12 Leo do loisgeadh - lór do rath -  
cúirt Oilill Mhóir mheic Mhágach,  
dearg dá n-éis caomhChruacha Chuinn  
'sna saorthuatha um Chéis Chorainn.

13 Fa bharr lasrach lá oile  
Cathair Mhuirne Molbhthaighe  
tugsad foghlaidhe bheann mBreagh,  
dream dob orlaimhe aigneadh.

14 Do lingeadh fós le fuil ír  
Cathair Chon Raoi an fhuinn fhóidmhín,  
laoich aclaidhe nár éar neach,  
tar tréan mhacraidhe Muimhneach.

15 Cath Ruis na Ríogh - ríoghdha an stair -  
Cath Gárighe, Gleo Éadair  
- iúl ar a bhfoghthair gach fear -  
'na dtriúr orthaibh dá n-áireamh.

16 Deargruathar Chonaill na gcreach,  
Baoithréim Uladh - iúl díreach -  
róim dá n-ainmneaghadh orra,  
slógh lainnleabhar Liathdroma.

17 Rí Laighean mín, Meas Geaghra,  
Conn Céadchathach cloinTeamhra,  
níor léire a n-éarca uile,  
éachta fhréimhe Rudhraighe.

18 Dá mhac Mhághach is Mac Céacht,  
leo do thuit [is]an tréanéacht  
gloin na bhflaitheadh ó Bhóinn Bhreagh -  
do maitheadh dom dhóigh dhóibhsean!

19 Fraoch mac Fiadhlaigh is Fear Diadh,  
a n-éarca ar aon ar éinrian;  
rádh gach fhir don fhóir Ultaigh,

“sin do chóidh le a gcumhachtaibh.”

20 A n-éachta ar fheadh gach oirir  
a n-áireamh ní fhéadfaidhir,  
laoich cathardha ghníomh ngoile,  
síol rachalma Rudhraighe.

21 Do chinneadar ar chrích Bhreagh  
ar gnáitheineach, ar gaisgeadh,  
mór bhfáth fá bhfuaradar geall,  
nuamhogail ó Ráth Raoileann.

22 Gé tá buaidh Éireann uile  
fós ag ríoghchloinn Rudhraighe,  
san chrích bhláith ghoirmghreaghaigh ghloin,  
a saíth d'oidhreadhaibh orthaibh.

23 Clann Í Fhearghail, taobh re taoibh,  
deimhin nach tugsad tathaoir  
ar fhéile, ar ghníomhaibh goile,  
d'fhíonfhuil fhréimhe Rudhraighe.

24 Irial [is] Rudhraighe a-raon,  
ataíd do réir a ríochraobh,  
do chódarsan le a gcoill féin,  
óggasradh már thoill toibhéim.

25 Níor dhiúlt deabhaidh, níor dhiúlt neach,  
maith leanas lorg a bhráithreach;  
cá ríbhile is réidhe um riar?  
tréidhe an fhírfhine i nIrial!

26 Ar fhéile agus ar oineach,  
fuil Ír na n-each n-ardchroidheach,  
do lean Rudhraighe a raon sin,  
craobh chumraidhe dá gcreidtir.

27 Irial, Rudhraighe, rún ban,  
dá chrobhaing do choill churadh,  
dá shaorthamhan ó Bhóinn Bhreagh  
dár chóir maonchaladh Maistean.

28 Dá bhranán óir a hEamhain,  
dá éigne ón Fhinn fhoithreamhail,  
dá shlait mhínabhla ó Mhoigh Rath,  
dá rídhambna ó Thoigh Teamhrach.

29 Ceithre guaille ar ghné eala,  
ceithre déada dlúithgheala,  
ceithre taoibh mar thuinn gcubhair

do thuill aoibh ó ollamhaibh.

30 Ceithre deighmheoir deich n-uaire,  
dá ucht chorcra chraobhnuaidhe,  
ceithre cholpa dár chóir toil,  
'na ndáil níor dholta i ndeabhaidh.

31 Clann Í Fhearghail na n-each mbras,  
Irial, Rudhraighe rosgglas,  
dá luibh ghráidh chaomhmoighe Cuinn,  
dá aodhaire chláir Chriomhthainn.

32 Dá chrann díona gach deoradh,  
dá sheabhadh, dá shithleaghan,  
biaidh ainm tar a n-éis orra,  
dá phailm, dá dhéis dioghlama.

33 Dá thaidhleoír Trágha Baile,  
dá chraoibh óir na hAnghaile,  
dá ghéis niamhghlana bruaigh Bhreagh,  
dá stuaign grianbhragha Gaoidheal.

34 Dá bhrághaid mar bhláth na dtonn,  
dá dhéad ar dhath na néamhann,  
ceithre seangbhosa a Síodh Bhreagh,  
do shíol deaghRosa dhóibhsean.

35 Ceithre ruisg áille uaine,  
ceithre troighe taobhnuaidhe,  
ceithre caolmhailghe cearta,  
is caomhroighne an chuideachta.

36 Mág Aonghusa fár chlaon coill,  
do gheall mé do mhac Dhomhnáill  
- fada atám 'gá ghrádh i ngioll -  
rámh ar gach ndántré dhícheall.

37 Conn Aolmuighe na n-each mear,  
ní chuala an gcéin do mhairsean  
neach uadh ag dol fá dhiomdhaidh -  
truagh a chor i gcaoilimdhaidh.

38 Cuireadh Peadar, nár char coir,  
impidhe ar Chríost fám chobhair,  
ó tharla a ghoin i ndán damh  
'na dhál ó thoil go dtriallur.